# Clár Oifigeach Cosanta Sonraí - Ceisteanna Coitianta

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

Arna Nuashonrú i mí Feabhra 2026

Ceanglaítear ar gach eagraíocht a bhfuil Oifigeach Cosanta Sonraí ceaptha acu de bhun Airteagal 37(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ('RGCS') mionsonraí teagmhála a nOifigigh Cosanta Sonraí a chur in iúl don Choimisiún um Chosaint Sonraí ('an Coimisiún'). Is i gClár Oifigeach Cosanta Sonraí a choimeádann an Coimisiún na mionsonraí sin. Sa nóta seo, tugtar freagra ar roinnt de na ceisteanna is coitianta a bhaineann leis an gclár.

## Cé na heagraíochtaí a gceanglaítear orthu mionsonraí a nOifigigh Cosanta Sonraí a chur in iúl don Choimisiún um Chosaint Sonraí?

Faoi RGCS, ceanglaítear ar eagraíochtaí áirithe Oifigeach ainmnithe Cosanta Sonraí a cheapadh. Ceanglaítear ar eagraíochtaí freisin mionsonraí a nOifigigh Cosanta Sonraí a fhoilsiú agus na mionsonraí sin a thabhairt dá n-údarás maoirseachta náisiúnta.

De bhun Airteagal 37(1), ceanglaítear ar eagraíocht oifigeach ainmnithe cosanta sonraí a cheapadh i gcás:

- ☑ go bhfuil an phróiseáil á déanamh ag údarás nó comhlacht poiblí;
- ☑ gurb é atá i bpríomhghníomhaíochtaí an rialaitheora nó an phróiseálaí oibríochtaí próiseála lena gceanglaítear go ndéantar faireachán rialta agus córasach mórscála ar ábhair sonraí; nó
- ☑ gurb é atá i bpríomhghníomhaíochtaí an rialaitheora nó an phróiseálaí próiseáil mhórscála ar chatagóirí speisialta sonraí nó sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus cionta.

## Conas ba cheart d'eagraíocht mionsonraí a hOifigigh Cosanta Sonraí a chur in iúl don Choimisiún um Chosaint Sonraí, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 37(7) RGCS?

Chun mionsonraí teagmhála d'Oifigigh Cosanta Sonraí a chur in iúl don Choimisiún, comhlánaigh agus cuir isteach an fhoirm seo. Mar mhalairt air sin, is féidir leat clárú go díreach tríd an ríomhphost chuig registeryourDPO@dataprotection.ie nó tríd an bpost chuig:

An Coimisiún um Chosaint
Sonraí, 6 Rae Pheambróg,
Baile Átha Cliath 2, D02 X963.

Cuir na mionsonraí seo a leanas ar áireamh:

- ☑ ainm, seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin agus seoladh poist d'eagraíochta,
- ☑ ainm, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin d'Oifigigh Cosanta Sonraí,
- ☑ earnáil d'eagraíochta: an earnáil Phoiblí/Phríobháideach/Neamhbhrabúis; agus fo-earnáil d'eagraíochta: an earnáil Sláinte/Airgeadais nó earnáil eile.

Tabhair faoi deara nach gá duit d'Oifigeach Cosanta Sonraí a chlárú ach uair amháin. Ní gá duit déanamh amhlaidh gach bliain.

### An bhfaighidh mé fógra á rá go bhfuil ár nOifigeach Cosanta Sonraí ar an gclár?

Seolfaidh an Coimisiún ríomhphost chugat á dheimhniú go bhfuarthas an fógra agus á rá go bhfuil mionsonraí d'Oifigigh Cosanta Sonraí taifeadta ag an gCoimisiún.

### Chuir ár n-eagraíocht mionsonraí ár nOifigigh Cosanta Sonraí in iúl don Choimisiún. An gá dúinn aon rud eile a dhéanamh?

Is gá. Ceanglaítear le hAirteagal 37(7) RGCS ar d'eagraíocht mionsonraí teagmhála d'Oifigigh Cosanta Sonraí a fhoilsiú freisin. Ba cheart a bheith sna mionsonraí teagmhála sin faisnéis lena gcumasaítear d'ábhair sonraí agus d'údaráis mhaoirseachta dul i dteagmháil leis an Oifigeach Cosanta Sonraí go héasca (amhail seoladh poist, uimhir theileafóin thiomnaithe agus/nó seoladh ríomhphoist tiomnaithe). Cé nach gá ainm an Oifigigh Cosanta Sonraí a thabhairt, is dea-chleachtas é déanamh amhlaidh. Is faoin rialaitheoir nó faoin bpróiseálaí agus faoin Oifigeach Cosanta Sonraí atá sé a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil sé sin riachtanach nó cabhrach sna himthosca ar leith.[1]

### An bhfaighidh mé aon uimhir chlárúcháin nó aon Deimhniú Clárúcháin?

Ní bhfaighidh. Ní eisíonn an Coimisiún aon uimhir chlárúcháin ná aon Deimhniú Clárúcháin. Ní sholáthraíonn sé cóip d'aon iontrálacha ar an gclár ach oiread.

### An ngearrtar aon táille chun Oifigeach Cosanta Sonraí a chlárú leis an gCoimisiún?

Ní ghearrtar aon táille chun mionsonraí Oifigeach Cosanta Sonraí aon eagraíochta a chur in iúl don Choimisiún.

### An mbeidh an clár ar fáil go poiblí ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin agus an mbeidh mo mhionsonraí le feiceáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin?

Ní bheidh. Níl an Clár Oifigeach Cosanta Sonraí ar fáil ar ár suíomh Gréasáin, agus níl mionsonraí ar fáil go poiblí ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin.

### Tá grúp-Oifigeach Cosanta Sonraí ag ár n-eagraíocht do gach eintiteas dlítheanach laistigh den eagraíocht. An leor Oifigeach Cosanta Sonraí a chlárú uair amháin don ghrúpa?

Ní leor. Cé go bhféadfaidh grúpaí gnóthas Oifigeach Cosanta Sonraí aonair a cheapadh faoi RGCS, agus aird á tabhairt ar a struchtúr eagraíochtúil agus ar a méid eagraíochtúil, ní mór dóibh Oifigeach Cosanta Sonraí a chur in iúl don Choimisiún i leith gach eintitis dhlítheanaigh aonair.

### Sheachfhoinsigh ár n-eagraíocht an ról mar Oifigeach Cosanta Sonraí. An gá dúinn an tOifigeach Cosanta Sonraí sin a chlárú go fóill?

Is gá.

[1] Meitheal Airteagal 29 um Chosaint Sonraí, "*Treoirlínte maidir le hOifigigh Cosanta Sonraí*", Aibreán 2017, arna bhformhuiniú ag an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí.

### Cad ba cheart dúinn a dhéanamh i gcás go dtiocfaidh athrú ar mhionsonraí teagmhála ár nOifigigh Cosanta Sonraí? An gá dom fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na hathruithe sin?

Is gá. Ní mór duit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi aon athruithe ar mhionsonraí teagmhála d'Oifigigh Cosanta Sonraí. Chun fógra a thabhairt don Choimisiún, comhlánaigh agus cuir isteach an fhoirm seo.

### Is mian lenár n-eagraíocht clárúchán ár nOifigigh Cosanta Sonraí a chealú agus a bhaint. Conas is féidir liom é sin a dhéanamh?

Is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig an gCoimisiún ag registeryourDPO@dataprotection.ie á rá gur mian leat mionsonraí d'Oifigigh Cosanta Sonraí a bhaint. De bhun Airteagal 37 RGCS, ceanglaítear ar eagraíochtaí áirithe Oifigeach Cosanta Sonraí a bheith acu agus mionsonraí teagmhála an Oifigigh Cosanta Sonraí a chur in iúl don Choimisiún. Mar thoradh air sin, ceanglófar ort a mhíniú cén fáth ar mhaith leat go mbainfí mionsonraí teagmhála d'Oifigigh Cosanta Sonraí den chlár.

### Bhí ár n-eagraíocht cláraithe roimhe seo leis an gCoimisiún mar rialaitheoir faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988-2003. An ionann é sin agus an Clár Oifigeach Cosanta Sonraí?

Ní ionann. Roimhe seo, faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, ceanglaíodh ar eagraíochtaí clárú leis an gCoimisiún mar rialaitheoir sonraí nó mar phróiseálaí sonraí agus táille chlárúcháin a íoc. Ceanglaíodh leis an gcóras sin ar eagraíochtaí a gclárúchán a athnuachan gach bliain agus táille chlárúcháin a íoc, ach níl feidhm aige a thuilleadh faoin dlí reatha cosanta sonraí – RGCS agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018 (Acht 2018).
Ba cheart d'eagraíochtaí a mBeartais Phríobháideachta a athbhreithniú agus aon tagairtí á rá go bhfuil siad cláraithe leis an gCoimisiún a bhaint díobh toisc nach ann don chlár sin a thuilleadh.

Is eol don Choimisiún go gceanglaíonn roinnt Údarás Maoirseachta eile ar eagraíochtaí clárú mar rialaitheoir nó mar phróiseálaí agus gur féidir go bhfaighidh gnólachtaí Éireannacha, a dhéanann caidreamh le heagraíochtaí atá lonnaithe lasmuigh d'Éirinn, iarrataí chun clárú mar rialaitheoirí leis an oifig seo. Níl ceanglas den sórt sin i bhfeidhm ag an gCoimisiún a thuilleadh.

Ní fhéadfar clárú leis an gCoimisiún, agus ní eiseoidh an Coimisiún aon uimhir chlárúcháin. Tá an oibleagáid sin (nach bhfuil riachtanach a thuilleadh) ar leithligh ón oibleagáid atá ann mionsonraí Oifigigh Cosanta Sonraí a chur in iúl don Choimisiún faoi Airteagal 37(7) RGCS.

### Próiseálann ár n-eagraíocht sonraí pearsanta laistigh den Aontas Eorpach (AE), ach níl aon bhunaíocht aici laistigh den Aontas. An gá dom ionadaí AE a cheapadh?

De bhun Airteagal 27 RGCS, i gcás go bhfuil rialaitheoir nó próiseálaí nach bhfuil bunaithe san Aontas Eorpach ag próiseáil sonraí pearsanta ábhar sonraí san Aontas Eorpach i ndáil le faireachán a dhéanamh ar a n-iompar nó i gcás go bhfuil sé/sí ag tairiscint earraí nó seirbhísí dóibh, ní mór don rialaitheoir nó don phróiseálaí ionadaí a ainmniú. Mar sin féin, más rud é go

ndéantar an phróiseáil go hócáideach, nach n-áirítear léi próiseáil mhórscála catagóirí speisialta sonraí pearsanta ná próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus cionta, agus nach dóigh go gcruthóidh sí riosca do na cearta agus na saoirsí atá ag daoine nádúrtha nó ag comhlacht nó údarás poiblí, ní gá aon ionadaí a ainmniú.

I gcás gur lonnaithe i mBallstát amháin ar leith atá sciar suntasach d'ábhair sonraí a bpróiseáiltear a sonraí pearsanta, moltar go mbeadh an t-ionadaí bunaithe sa Bhallstát céanna sin. Mar sin féin, ní mór don ionadaí a bheith so-rochtana go fóill ag ábhair sonraí i mBallstáit nach bhfuil sé/sí bunaithe iontu agus ina bhfuil na seirbhísí nó na hearraí á dtairiscint nó ina bhfuil faireachán á dhéanamh ar an iompar.[2]

### An gceanglaítear orainn ár n-ionadaí AE a chlárú leis an gCoimisiún?

Ní cheanglaítear. Cé nach bhfuil aon cheanglas ann ionadaí AE faoi Airteagal 27 RGCS a chlárú leis an gCoimisiún, ceanglaítear ar an ionadaí AE a c(h)éannacht agus a m(h)ionsonraí teagmhála a sholáthar d'ábhair sonraí i gcomhréir le hAirteagail 13 agus 14 RGCS. Ba cheart iad sin a bheith ar fáil do na húdaráis mhaoirseachta ábhartha freisin.

### Chláraigh ár n-eagraíocht Oifigeach Cosanta Sonraí le hÚdarás Maoirseachta eile san Aontas Eorpach cheana féin. An gá dúinn clárú le Coimisiún na hÉireann um Chosaint Sonraí freisin?

Má tá "príomhbhunaíocht" ag d'eagraíocht de bhun Airteagal 4(16) RGCS, ba cheart di mionsonraí teagmhála d'Oifigigh Cosanta Sonraí a chur in iúl don Phríomhúdarás Maoirseachta. Mar sin féin, ceanglaítear ar fhochuideachtaí mionsonraí teagmhála a nOifigigh Cosanta Sonraí a chur in iúl dá nÚdarás Maoirseachta áitiúil go fóill má sheolann siad gníomhaíochtaí ar gá fógra a thabhairt d'údarás maoirseachta fúthu de bhun Airteagal 37(1) RGCS. Más rud é go bhfuil bunaíocht ag d'eagraíocht i mBallstát amháin nó níos mó ach nach bhfuil aon phríomhbhunaíocht aici, ba cheart di mionsonraí teagmhála a chur in iúl do gach údarás maoirseachta ábhartha.

---

[2] An Bord Eorpach um Chosaint Sonraí, "*Treoirlínte 3/2018 maidir le raon feidhme críochach RGCS (Airteagal 3)*", 12 Samhain 2019.